

**Cruinniú Cinn Bhliana An Foras Pátrúnachta**  
**09 Nollaig 2021, Zoom, 7.00 i.n.**

## **Nótaí do chomhaltaí an Fhorais agus do na Boird Bhainistíochta**

**Eolas do Bhaill eile an Bhoird Bainistíochta, Príomhoidí agus foireann na scoile. (NB: Cuir cóip ar fáil dóibh le do thoil)**

### **Comhaltaí an Fhorais**

Is iad Comhaltaí na Cuideachta ná:

1. Na Stiúrthóirí
2. An bheirt ionadaithe atá ainmnithe ag pátrún na Gaelscoile (An Foras Pátrúnachta) ar an mBord Bainistíochta i gcás go bhfuil ochtar ar an mBord nó an t-ionadaí atá ainmnithe ag pátrún na Gaelscoile (An Foras Pátrúnachta) i gcás go bhfuil ceathrar ar an mBord Bainistíochta.

### **Nóta: Mír 21 Airteagail Chomhlachais**

- a. Féadfar vótaí a thabhairt go pearsanta nó féadfaidh comhalta duine de bhaill eile an Bhoird Bainistíochta a ainmniú chun freastal ar agus vótáil ag cruinnithe ginearálta den Chuideachta ina (h)ionad ach ainm an té atá ainmnithe mar seo a chur in iúl do rúnaí na Cuideachta chomh luath agus is féidir.
- Tá deireadh le tréimhse oifige ball amháin de Bhord Stiúrtha AFP agus triúr stiúrthóir eile éirithe as oifig fágann sé sin go mbeidh folúntais ar an mBord agus go rithfear toghcháin dá gcomharbaí ag an gcruinniú cinn bliana. Tá an fhoirm ainmniúcháin ceangailte.
  - Is ag na comhaltaí amháin a bhfuil cead acu rún a mholadh agus a chuidiú, agus ainmniúchán duine a mholadh agus a chuidiú do na toghcháin. Iarraim ar Chomhaltaí an Bord a spreagadh rún a chur isteach.
  - Tá cead ag comhalta nó a (h)ionadaí, vóta a chaitheamh ag an gCruinniú Cinn Bhliana.
  - Más mian le Bord Bainistíochta rún a chur ar an gclár, caithfidh comhalta é a mholadh agus cuidiú leis. Níl aon deacracht leis seo mar tá beirt chomhaltaí ar gach Bord Bainistíochta.

**Cuir Rú(i)n agus ainmniúchá(i)n do na toghcháin ar aghaidh chuig: [jill@foras.ie](mailto:jill@foras.ie) le do thoil roimh 1.00in Déardaoin, 11 Samhain 2021 ar a dhéanaí.**